C/2024/4374

4.7.2024

**Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún**

**an 29 Aibreán 2024**

**maidir le cinneadh de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/1925**

**(Cás DMA.100047 - APPLE – IPADOS)**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 2500 final)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

(C/2024/4374)

*An 29 Aibreán 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/1925. I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925 ('an Gníomh um Margaí Digiteacha')* [1]*, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.*

## 1. RÉAMHRÁ

(1) An 5 Meán Fómhair 2023, tar éis fógra a fháil ó Apple Inc. ('Apple') an 3 Iúil 2023 de bhun Airteagal 3(3) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, ghlac an Coimisiún cinneadh lena n-ainmnítear Apple mar gheatóir de bhun Airteagal 3(4) den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin seo a leanas: (i) a sheirbhís idirghabhála ar líne App Store; (ii) a chóras oibriúcháin iOS; agus (iii) a bhrabhsálaí gréasáin Safari. Tráth a thug Apple fógra, áfach, níor chomhlíon iPadOS, ar córas oibriúcháin croísheirbhíse ardáin Apple é, na tairseacha cainníochtúla a leagtar síos in Airteagal 3(2)(b) agus (c) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

(2) An 5 Meán Fómhair 2023, thionscain an Coimisiún imscrúdú margaidh de bhun Airteagail 16(1) agus 17(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha (cinneadh C(2023)6076), chun measúnú a dhéanamh ar ar cheart Apple a ainmniú mar gheatóir, de bhun Airteagal 3(8) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, i ndáil lena chóras oibriúcháin croísheirbhíse ardáin, iPadOS. An 13 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún a réamhthorthaí in iúl do Apple gur cheart Apple a ainmniú mar gheatóir i ndáil le iPadOS de bhun Airteagal 3(8) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Tar éis rochtain a fháil ar an gcomhad, thug Apple freagra ar réamhthorthaí an Choimisiúin an 17 Eanáir 2024.

## 2. CREAT DLÍTHIÚIL

(3) Leis an nGníomh um Margaí Digiteacha leagtar síos tacar de chritéir oibiachtúla atá sainithe go cúng chun ardán mór ar líne a cháiliú mar gheatóir i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na croísheirbhísí ardáin a sholáthraíonn sé.

(4) Mar réamhchéim, tá an Coimisiún chun na seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn gnóthas a shonrú agus a chinneadh cé acu de na seirbhísí sin a cháilíonn mar chroísheirbhísí ardáin. Critéar ábhartha chun croísheirbhísí ardáin a cháiliú agus a shonrú is ea an cuspóir ar ina leith a n-úsáideann úsáideoirí deiridh nó úsáideoirí gnó, nó an dá chineál úsáideoirí, an tseirbhís.

(5) Ansin, de bhun Airteagal 3(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, tá an Coimisiún le gnóthas a ainmniú mar gheatóir i ndáil lena chroísheirbhís ardáin má chomhlíonann sé trí cheanglas charnacha, is iad sin: (a) tá tionchar nach beag aige ar an margadh inmheánach; (b) soláthraíonn sé croísheirbhís ardáin ar tairseach thábhachtach í d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh; agus (c) tá suíomh daingnithe marthanach aige ina chuid oibríochtaí, nó tá sé intuartha go mbeidh suíomh den sórt sin aige go luath amach anseo.

[1] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1).

(6) Le hAirteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, leagtar síos toimhde go gcomhlíontar na ceanglais sin i gcás ina gcomhlíontar tairseacha cainníochtúla áirithe, go háirithe maidir le láimhdeachas nó caipitliú margaidh an ghnóthais, chomh maith leis an líon úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó atá ag croísheirbhís ardáin ar leith le linn gach ceann de na 3 bliana airgeadais roimhe sin. Mar sin féin, i gcás nach gcomhlíonann an gnóthas gach ceann de na tairseacha cainníochtúla, ní fhéadfar a thoimhdiú gur geatóir é i ndáil lena chroísheirbhís ardáin.

(7) D'ainneoin thairseacha na toimhdean, má chomhlíonann an gnóthas gach ceann de cheanglais Airteagal 3(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil le croísheirbhís ardáin ar leith, tá an Coimisiún lena ainmniú, tar éis measúnú cáilíochtúil a dhéanamh de bhun Airteagal 3(8) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún roinnt de na heilimintí seo a leanas nó iad uile a chur san áireamh:

a) méid an ghnóthais, lena n-áirítear a láimhdeachas agus a chaipitliú margaidh;

b) an líon úsáideoirí gnó a úsáideann croísheirbhís ardáin an ghnóthais chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh agus an líon úsáideoirí deiridh;

c) éifeachtaí gréasáin agus buntáistí sonraíbhunaithe an ghnóthais sin;

d) aon éifeacht scála agus raon feidhme dá dtairbhíonn an gnóthas;

e) gaibhniú úsáideoirí gnó nó úsáideoirí deiridh i ndáil le croísheirbhís ardáin an ghnóthais, lena n-áirítear costais mhalartaithe agus claontacht iompraíochta a laghdaíonn cumas úsáideoirí gnó agus úsáideoirí deiridh malartú nó ilfhrithing a dhéanamh;

f) struchtúr corparáideach ilchuideachta nó comhtháthú ingearach an ghnóthais sin; nó

g) saintréithe struchtúracha gnó nó seirbhíse eile an ghnóthais sin.

(8) De bhun Airteagal 17(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, féadfaidh an Coimisiún imscrúdú margaidh a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar cheart gnóthas a sholáthraíonn croísheirbhís ardáin a ainmniú mar gheatóir de bhun Airteagal 3(8) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, nó chun na croísheirbhísí ardáin atá le liostú sa chinneadh ainmniúcháin de bhun Airteagal 3(9) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a shainaithint.

## 3. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(9) Tar éis mheasúnú cáilíochtúil an Choimisiúin de bhun Airteagal 3(8) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, bunaithe ar an bhfianaise a bhailigh an Coimisiún le linn a imscrúdaithe margaidh agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, ainmníonn an Coimisiún Apple mar gheatóir i ndáil lena chóras oibriúcháin croísheirbhíse ardáin, iPadOS.

(10) Is ar na breithnithe seo a leanas a bhunaíonn an Coimisiún a chonclúid.

(11) Ar an gcéad dul síos, measann an Coimisiún go gcáilíonn iPadOS mar chóras oibriúcháin de bhun Airteagal 2, pointe (10) den Ghníomh um Margaí Digiteacha agus gur croísheirbhís ardáin ar leith é atá éagsúil leis na córais oibriúcháin croísheirbhíse ardáin eile a sholáthraíonn Apple.

(12) Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún go bhfuil tionchar nach beag ag Apple ar an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Go sonrach, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann Apple na tairseacha cainníochtúla uile a leagtar síos in Airteagal 3(2)(a) toisc gur thuairiscigh sé láimhdeachas uile-Aontais i bhfad os cionn EUR 7,5 billiún i ngach ceann de na 3 bliana airgeadais roimh an imscrúdú margaidh (2020, 2021 agus 2022) agus gur mó ná EUR 75 bhilliún a mheánchaipitliú margaidh in 2022.

(13) Ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún gur tairseach thábhachtach é iPadOS d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de bhun Airteagal 3(1)(b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Go sonrach, tá líon ard úsáideoirí gnó agus úsáideoirí deiridh ag iPadOS, tá iPadOS tábhachtach d'úsáideoirí gnó ó thaobh tráchtála de toisc gur tairseach é chuig bonn custaiméirí a bhfuil ardtoilteanas acu íoc, tá éifeachtaí gaibhnithe ag iPadOS ar úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó araon, agus tairbhíonn Apple d'éifeachtaí gréasáin agus de bharainneachtaí scála maidir le iPadOS.

(14) Ar an gceathrú dul síos, measann an Coimisiún go bhfuil suíomh daingnithe marthanach ag Apple maidir le iPadOS de réir bhrí Airteagal 3(1)(c) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Go sonrach, tá iPadOS ar cheann den dá phríomhchóras oibriúcháin táibléad san Aontas le níos mó ná 10 mbliana agus tá coinne leis go leanfaidh an líon mór úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó atá ag iPadOS cheana féin de bheith ag dul i méid sna blianta amach romhainn.

## 4. **CONCLÚID**

(15) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, leis an gCinneadh, cuirtear clabhsúr leis an imscrúdú margaidh a osclaíodh le cinneadh C(2023)6076 an 5 Meán Fómhair 2023 ar iPadOS, ar córas oibriúcháin croísheirbhíse ardáin Apple é, agus leasaítear leis Cinneadh C(2023)6100 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2023 lena n-ainmnítear Apple mar gheatóir de bhun Airteagal 3 den Ghníomh um Margaí Digiteacha tríd an bpointe seo a leanas a chur leis in Airteagal 2 den chinneadh sin: '(d) Córas oibriúcháin iPadOS Apple'.

(16) Dá thoradh sin, meastar gur tairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó iad na croísheirbhísí ardáin seo a leanas de chuid Apple chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha:

(a) App Store, seirbhís idirghabhála ar líne Apple;

(b) Córas oibriúcháin iOS Apple;

(c) Brabhsálaí gréasáin Safari Apple; agus

(d) Córas oibriúcháin iPadOS Apple.